



Dá bhfaighinn mo Rogha de Thriúr Acu

I

Dá bhfaighinn mo rogha de
thriúr acu,
De thriúr acu, de thriúr acu,
Dá bhfaighinn mo rogha de
thriúr acu,
Cé acu siúd ab fhearr liom.

Curfá:

Is ó mo mhíle gile thú,
Grá mo chroí 'gus fiche thú,
Ó mo mhíle gile thú
'S ní ag magadh leat atáimse.

II

Ní phósfainn féin an t-iascaire,
an t-iascaire, an t-iascaire,
Ní phósfainn féin an t-iascaire
Mar bíonn sé fliuch go bhásta.

Curfá

III

Ní phósfainn féin an gabha
dubh,
An gabha dubh an gabha dubh
Ní phósfainn féin an gabha
dubh
Mar bíonn sé dubh sa cheártain

Curfá

IV

Ní phósfainn féin an táilliúirín,
an táilliúirín, an táilliúirín,
Ní phósfainn féin an táilliúirín
Bíonn codladh grifín ón gclár air

Curfá

V

'Sé mo ghrá an veidhleadóir,
An veidhleadóir, an
veidhleadóir,
'Sé mo ghrá an veidhleadóir,
'Sé an veidhleadóir is fearr liom

Le tacaíocht ó

